2024/2021

23.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2021 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 17 Iúil 2024

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2019/2110, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 25 Lúnasa 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1436 ([2]), lena gceaptar José Manuel MARQUES DIAS ina Cheann Misin ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

(3) An 19 Iúil 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/1512 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin EUAM RCA ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 9 Lúnasa 2024.

(4) An 28 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1333 ([4]), lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 agu slena gcuirtear síneadh le saoinordú EUAM RCA go 9 Lúnasa.

(5) An 20 Meitheamh 2024, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin ar EUAM RCA,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ón 10 Lúnasa 2024 go dtí an 31 Deireadh Fómhair.

([1]) IO L 318, 10.12.2019, lch. 141.
([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1436 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Lúnasa 2022 maidir le Ceann Misin a cheapadh ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2022) (IO L 225, 31.8.2022, lch. 1).
([3]) Cinneadh (CBES) 2023/1512 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 19 Iúil 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2023) (IO L 184, 21.7.2023, lch. 30).
([4]) Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2022/1333 an 28 Iúil 2022, lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 201, 1.8.2022, lch. 25).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA tar éis an 9 Lúnasa 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An tUachtarán

D. PRONK